EurekaIRISH_7.11_Stephen 4/1/11 15:23 Page 4

Fíricí Fónta ar Ábhair Éagsúla

- Tá dóthain óir i **screamh** (crust) an Domhain chun dromchla (surface) talún an Domhain a chlúdach suas go dtí glúine duine.
- Cad í cailc? Tá cnámharlaigh de na trilliún iontais (fossils) mhicreascópach de phlanctón i gcailc.
- Tá thart ar 250 g salainn i gcorp duine fhásta.
- Is é an talc (púdar talcaim) an tsubstaint is boige dá bhfuil le fáil.
- Is féidir unsa óir a shíneadh chomh fada le 80 km mar shreang.
- Tá fíor-ór chomh bog sin gur féidir leat é a mhúnlú le do lámha.
- Cé go bhfuil gáis éagsúla in aer, athraíonn aer go leacht ag teocht -190° Celsius.

Freagraí ar an gCrosfhocal

TRASNA:
2.) FUNGAS
6.) DOMHANDA
8.) TAOS
10.) CEIMICE

SÍOS:
1.) BUAN
3.) AILCEIMICEOIR
4.) BEATHA
5.) LEACHT
7.) TALC
9.) SRAM

Arbh eol duit?

Tugann ceimiceoirí '**dúile**' (elements) mar ainm ar ábhair. Is dúile iad ór agus airgead. Tá siad daor agus tearc (rare). Tá roinnt eile dúile nach bhfuil daor ná tearc, m.sh., iarann agus luaidhe. Is dúile iad carbón agus ocsaigin. Is í **californium 252** an dúil is daoire a bhfuil eolas againn uirthi. Cosnaíonn gram amháin thart ar €45,000,000.

Uaireanta, nascann dúile le chéile agus faighimid **comhdhúil** (compound): is substaint nó ábhar difriúil eile í comhdhúil. Mar shampla, nuair a nascann ocsaigin agus carbón le chéile, faighimid an chomhdhúil dé-ocsaíd charbóin (CO_2). Tá an-difríocht idir dé-ocsaíd charbóin agus ocsaigin nó carbón iontu féin.

Gníomhaíocht

Ábhair agus Athruithe

Baineann an cheimic le conas ábhair a athrú freisin. Déanann eolaithe staidéar ansin ar na rudaí a tharlaíonn nuair a dhéanann siad na hathruithe seo. Uaireanta, is féidir na hathruithe a **aisiompú** (reverse) .i. is féidir an bia a iompú ar ais mar a bhí sé. Is athruithe **sealadacha** (temporary) iad na hathruithe seo. Uaireanta eile, ní féidir na hathruithe a aisiompú – is athruithe **buana** (permanent) iad na cinn seo.

BUNÁBHAIR
* Tóstaer
* Slisní aráin
* Teasaire
* Fochupán/pláta
* Barra seacláide
* Citeal nó náspan agus teophláta (hotplate)
* Uibheacha
* Reoiteoir
* Tráidire le haghaidh ciúbanna oighir

AIRE: Iarr ar dhuine fásta cabhrú leat agus tú ag déanamh na ngníomhaíochtaí seo.

TREORACHA:
1. Féach ar an gcairt thíos.
2. **Tuar** na hathruithe a tharlóidh i ngach ceann de na pictiúir.
3. Iarr ar mhúinteoir nó ar dhuine fásta eile cabhrú leat chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.
4. Déan liosta de na hathruithe a tharlaíonn. Ná déan dearmad ar na cúig chéadfa (senses) nuair atá tú ag **scrúdú** na n-athruithe. Maidir le gach turgnamh, an athrú buan nó athrú sealadach é? Cén fáth?
5. Pléigh na freagraí le do mhúinteoir.

	Cur síos ar na hathruithe a tharla	Athrú buan nó athrú sealadach? Cén fáth?
	Ag téamh aráin	
	Ag téamh seacláide	
	Ag téamh uisce	
	Ag fuarú uisce	
	Ag téamh uibhe	